# An Vacsaín Fliú
# do Pháistí 2-17 mbliana d'aois

**2024/25**



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Vacsaín Fliú do pháistí 2-17 mbliana d'aois

An séasúr fliú seo 2024/25, cuirfear an vacsaín fliú ar fáil saor in aisce do gach páiste idir 2-17 mbliana d'aois.

Mínítear sa bhileog seo an fáth a bhfuil sé tábhachtach go bhfaigheadh páistí an vacsaín fliú. Cuireann sé faisnéis ar fáil duit freisin maidir leis an áit ar féidir le do pháiste an vacsaín a fháil chomh maith le faisnéis thábhachtach maidir leis an vacsaín í féin.

**Léigh go cúramach í.**

## Céard is fliú ann?

Is breoiteacht an-tógálach é an fliú séasúrach, arb é an víreas fliú is cúis leis. Scaiptear an fliú go furasta agus tagann ionfhabhtuithe ar pháistí agus ar dhaoine fásta araon.

Scaiptear i measc an phobail é i rith an tséasúir fliú. De ghnáth, tosaíonn an séasúr fliú ag tús mhí Dheireadh Fómhair agus críochnaíonn sé ag deireadh mhí Aibreáin.

## Cén chaoi a dtéann an fliú i bhfeidhm ar pháistí?

Is mó an seans go mbuailfidh aimhréidheanna tromchúiseacha páistí de bharr an fhliú, i gcomparáid le daoine fásta.

Bíonn ar pháistí a mbuailtear leis an bhfliú fanacht sa bhaile ón ionad cúraim leanaí agus ón scoil. Cailleann siad amach ar a ngnáthghníomhaíochtaí, amhail caitheamh aimsire agus spóirt.

Le 10 mbliana anuas in Éirinn:

- Cuireadh thart ar 5000 páiste san ospidéal de bharr an fhliú
- Tugadh isteach beagnach 200 acu in aonaid dianchúraim
- Fuair 40 páiste bás dá bharr

## An mbíonn tinneas tromchúiseach i bpáistí ann mar thoradh ar an bhfliú?

**Bíonn**. Is féidir leis an bhfliú a bheith ina chúis le niúmóine, broincíteas agus, go hannamh, athlasadh na hinchinne (einceifealaíteas).

Is iad na páistí ar a bhfuil riochtaí ainsealacha sláinte na páistí siúd is mó atá i mbaol aimhréidheanna tromchúiseacha de bharr an fhliú.

## Conas a chosnóidh an vacsaín fliú mo pháiste ar an bhfliú?

Cabhraíonn an vacsaín fliú le córas imdhíonachta do pháiste antasubstaintí (próitéiní a théann i gcoinne ionfhabhtuithe) a chruthú.

Má tá an vacsaín fliú faighte ag do pháiste, agus má bhíonn teagmháil acu leis an víreas fliú, is féidir leis an vacsaín iad a chosaint ar an mbreoiteacht.

## Má fhaigheann mo pháiste an vacsaín fliú, an gcosnaítear na daoine eile atá timpeall orthu?

Má fhaigheann do pháiste an vacsaín fliú, laghdaítear an baol atá ann go scaipfí i measc daoine eile é. Ciallaíonn sé sin go gcosnaítear daoine eile atá timpeall orthu ar an bhfliú, cuir i gcás deartháireacha nó deirfiúracha, tuismitheoirí agus seantuismitheoirí.

Má fhaigheann a dhóthain páistí an vacsaín fliú, laghdófar an méid daoine a mbeidh cóireáil san ospidéal uathu. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach dár seirbhísí sláinte go háirithe i rith an gheimhridh.

## Céard é ainm na vacsaíne fliú do pháistí?

Tugtar Fluenz ar an vacsaín fliú do pháistí, déanta ag AstraZeneca.

Tá an vacsaín fliú do pháistí á thabhairt do pháistí sna SAM ó 2003, sa RA ó 2013 agus in Éirinn ó 2020 i leith.

# Cén chaoi a dtugtar an vacsaín?

Tabharfaidh an vacsaíneoir an vacsaín mar sprae suas srón do pháiste (vacsaín sróine). Tugtar sprae amháin i ngach polláire. Ní gá le hinstealladh agus níl sé pianmhar.

Beidh do pháiste in ann a bheith ag anáil mar is gnáth agus an vacsaín á fáil acu. Ní gá dóibh anáil go domhain nó smúradh.

Tá seans ann go mbeidh dá dháileog de dhíth ar pháiste má tá riocht ainsealach sláinte orthu, amhail galar ainsealach croí nó scamhóige. Déanfar an dá dháileog a thabhairt ceithre seachtaine óna chéile.

# An bhfuil páistí ar bith ann nár chóir dóibh an vacsaín fliú sróine a fháil?

Tá líon beag páistí ann nach mbeidh in ann an vacsaín fliú sróine a fháil de bharr cúiseanna leighis.

**Níor** cheart go bhfaigheadh páiste ná duine óg an vacsaín sna cásanna seo a leanas:

- bhí frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach acu roimhe seo i leith dáileog den vacsaín fliú nó i leith ceann ar bith dá comhábhair
- tá asma trom orthu nó má tá píobarnach le cloisteáil ina n-ucht nó má bhí análóir uathu níos mó ná mar a bhíonn de ghnáth sna trí lá roimh an vacsaíniú
- tá cógais ar a dtugtar salaicioláit, lena n-áirítear aspairín, á dtógáil acu

- tá an córas imdhíonachta acu lagaithe go trom de bharr riochtaí sláinte nó cóireálacha áirithe
- tá cónaí orthu le duine a bhfuil córas imdhíonachta acu atá lagaithe go trom (cuir i gcás duine a ndearnadh trasphlandú smeara orthu le déanaí)
- tá neodraipéine throm orthu (fuilchealla bána ar leith ar léibhéil ísle) nach neodraipéine uath-imdhíonachta phríomhúil í
- tá druga frithvíreasach don fhliú tógtha acu laistigh de 48 uair an chloig roimhe
- tá riocht acu a chiallaíonn go bhfuil sceitheadh de shreabhán ceirbreadhromlaigh acu - an sreabhán a bhíonn thar timpeall na hinchinne agus chorda an dromlaigh
- go bhfuil siad ag iompar clainne.

Labhair le do dhochtúir sula bhfaighidh tú an vacsaín fliú sróine do do leanbh má bhí ionphlandú cochla acu nó má tá siad ag glacadh dhá leigheas ar a dtugtar comhchoscairí seicphointe (mar shampla, ipilimumab plus nivolumab) a úsáidtear chun ailse a chóireáil.

Murar féidir le do pháiste an vacsaín fliú a fháil i bhfoirm sprae sróine (sprae suas an tsrón), cuirfidh do dhochtúir teaghlaigh nó do chógaiseoir comhairle ort maidir le vacsaín fliú eile i bhfoirm instealltа.

## An féidir leis an vacsaín fliú sróine an fliú a chur ort?

**Ní féidir.** Ní féidir leis an vacsaín fliú sróine an fliú a chur ar do pháiste.

## An mbíonn fo-iarmhairtí ag baint leis an vacsaín fliú sróine?

Tá an vacsaín fliú an-sábháilte.

Is éadrom go maith iad na fo-iarmhairtí is coitianta a tharlaíonn. Cuirtear san áireamh leo sileadh ón tsrón, srón phlúchta, tinneas cinn agus matáin phianmhara. Tagann fiabhras (teocht ard) ar roinnt páistí i ndiaidh an vacsaín a fháil, ach bíonn sé éadrom go leor de ghnáth agus imíonn sé leis de réir a chéile.

Is fíorannamh a bhíonn fo-iarmhairtí tromchúiseacha amhail frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach ann.

## Céard ba chóir dom a dhéanamh mura mothaíonn mo pháiste go maith i ndiaidh an vacsaínithe?

Má tá fiabhras (teocht ard) nó tinneas cinn ar do pháiste, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thabhairt dóibh. Ná tabhair aspairín ná leighis ar a dtugtar salaicioláit do pháistí, ach amháin sa chás go bhfuil siad ordaithe dóibh ag dochtúir. Tá sé sin tábhachtach go háirithe sna ceithre seachtaine i ndiaidh dóibh an vacsaín a fháil.

Labhair le do dhochtúir ginearálta nó le cógaiseoir má bhíonn do pháiste an-bhreoite i ndiaidh dóibh an vacsaín a fháil, toisc go mb’fhéidir go bhfuil cúis eile ag baint leis.

## Tá ailléirge ar mo pháiste le huibheacha. An féidir leo an vacsaín fliú sróine a fháil?

**Is féidir.** Is féidir le formhór na bpáistí a bhfuil ailléirge orthu le huibheacha an vacsaín fliú a fháil. Labhair le do dhochtúir teaghlaigh, do chógaiseoir nó do vacsaíneoir.

## Tá asma ar mo pháiste. An féidir leo an vacsaín fliú sróine a fháil?

**Is féidir.** Is féidir leis an gcuid is mó de pháistí a bhfuil asma orthu an vacsaín fliú a fháil.

Níor cheart do do pháiste vacsaín fliú sróine a fháil má tá asma trom orthu nó má bhí cársán iontu le tamall anuas nó má bhí a n-análóir ag teastáil uathu níos mó ná mar is gnách sna 3 lá roimh an vacsaíniú.

Labhair le do dhochtúir ginearálta nó le do chógaiseoir.

## Tá mo pháiste faoi bhun 2 bhliain d’aois; an féidir leo an vacsaín fliú sróine a fháil?

**Ní féidir.** Ní thugtar an vacsaín fliú sróine do pháistí ach amháin óna dara breithlá ar aghaidh.

Má tá riocht ainsealach sláinte ar do leanbh a chiallaíonn go bhfuil siad i mbaol ón bhfliú, is féidir leo vacsaín eile a fháil a thugtar i bhfoirm insteallta.

Labhair le do dhochtúir ginearálta nó le do chógaiseoir.

## Tá mo leanbh 18 mbliana d'aois nó níos sine; an féidir leo an vacsaín fliú sróine a fháil?

**Ní féidir.** Má tá riocht ainsealach sláinte ar do pháiste a chiallaíonn go bhfuil siad i mbaol níos mó ón bhfliú, is féidir leo vacsaín eile fliú a fháil a thugtar i bhfoirm insteallta.

Labhair le do dhochtúir ginearálta nó le do chógaiseoir

## An gcosnóidh an vacsaín fliú mo pháiste ar COVID-19?

**Ní chosnóidh.** Ní chosnaíonn an vacsaín fliú daoine ar COVID-19. Tá sé tábhachtach an vacsaín fliú agus an vacsaín i gcoinne COVID-19 araon a fháil. Is amhlaidh sin toisc gur víris éagsúla is cúis leis an bhFliú agus le COVID-19. Tig leis an bhfliú agus le COVID-19 a bheith ina gcúis le tinneas tromchúiseach agus, má thagann siad ar do pháiste, seans go mbeidh orthu dul isteach chun an ospidéil. D'fhéadfadh sé a bheith deacair idirdhealú a dhéanamh idir comharthaí sóirt an fhliú agus comharthaí sóirt COVID-19.

Más rud é gur tugadh an vacsaín i gcoinne COVID-19 dóibh, ba cheart dóibh an vacsaín fliú a fháil chomh maith go fóill.

Is féidir le páistí atá 5 bliana d'aois agus níos sine an vacsaín COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín fliú má thairgtear dóibh é.

Maidir le páistí idir 6 mhí agus 4 bliana, ba cheart aga de 14 lá a bheith ann idir vacsaíní COVID-19 a thabhairt do pháistí san aoisghrúpa seo agus vacsaíní eile a thabhairt dóibh.

## Cá háit ar féidir liom an vacsaín fliú sróine a fháil do mo pháiste?

Tá an vacsaín fliú sróine le fáil ó do dhochtúir ginearálta nó ó chógaiseoir.

D'fhéadfaí an vacsaín fliú sróine a thairiscint do roinnt páistí ar scoil.

## Cé mhéad a chosnaíonn an vacsaín fliú sróine?

Tá an vacsaín fliú agus an comhairliúchán le do dhochtúir ginearálta nó do chógaiseoir saor in aisce má tá do pháiste idir 2-17 mbliana d'aois.

Chun níos mó eolais a fháil, féach:
www.hse.ie/flu

Is féidir leat nasc chuig an mbileog faisnéise d’othair maidir leis an vacsaín a fháil freisin ag **www.hpra.ie**. Déan cuardach ar Fluenz chun an bhileog ábhartha faisnéise d’othair a léamh.

An Oifig Náisiúnta Imdhíonta
www.hse.ie/flu
Cód Ordaithe: HNI01369
Lúnasa 2024

Plain English
Approved by NALA